

Paul Larocque, *Captain America,* 1998, prionta scagshíoda, 74 x 62cm.

# All Eyes on Us

## *Féinphortráidí*

# Réamhrá

Tá an acmhainn seo deartha do ghrúpaí a bhfuil cuairt á tabhairt acu ar an taispeántas. Úsáid an ghníomhaíocht thíos chun díriú ar do fhreagairtí féin don saothar atá ar taispeáint.

## Gníomhaíocht: Tú féin a shamhlú

Is saothar ealaíne é **féinphortráid** inarb é an t-ealaíontóir féin an príomhábhar. Is íomhá d'aghaidh an ealaíontóra a bhíonn le feiceáil i roinnt féinphortráidí, agus is íomhánna siombalacha nó teibí a bhíonn le feiceáil i bhféinphortráidí eile.

Caithimis súil ar roinnt féinphortráidí le chéile agus ansin tarraingeoimid ár bhféinphortráid féin!

**Céim a haon**

- Úsáid eangach an taispeántais chun na saothair seo a aimsiú…
    - Leo McCann, *Self-Portrait as a Bandit*
    - Niamh Swanton, *I've Always Been Rather Shy*
    - Elton Sibanda, *Faded*
    - Samuel Forde, *Self portrait*
- Úsáid na portráidí sin chun tú a spreagadh, roghnaigh áit sa ghailearaí chun do phortráid a dhéanamh – smaoinigh ar an scéal is mian leat a insint.
- Smaoinigh ar staidiúir: an gá duit breathnú ar an amharcóir? Céard atá tú ag iarraidh a rá le do spriocphobal?
- Is féidir leat an spás thíos a úsáid le haghaidh tobsmaointeoireachta!

**Céim a dó**

- Nuair atá tú réidh, glac do phortráid (féinín) ar do theileafón.
- Féach ar do shaothar, agus caith tamall ag smaoineamh air: céard a insíonn sé dúinn fútsa? An é sin a shamhlaigh tú?
- Más mian leat, roinn do phortráid ar líne agus clibeáil muide!
    - Twitter/X: @CrawfordArtGall;
    - Instagram: @crawfordartgallery

